

Plean feabhsúcháin scoile achomair

1. Réamhrá

1.1 Fócas na meastóireachta

Mar chuid d'ár n-obair leanúnach sa scoil, rinneamar féinmheastóireacht scoile ar theagasc agus ar fhoghlaim na matamaitice i mbliana. Rinneamar meastóireacht ar Bhliain 1 maidir le céatadáin, codáin agus deachúla. Le haghaidh tuilleadh eolais ar an gcaoi inar tharla an mheastóireacht, féach ár dTuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile atá ar fáil in Oifig an Phríomhoide i gColáiste Naomh Feichín.

Leagann an plean feabhsúcháin scoile seo amach na gníomhartha a dhéanfaimid sa scoil sna trí bliana seo romhainn i gColáiste Naomh Feichín. Is é príomhaidhm na ngníomhartha seo ná chun feabhas a chur ar scileanna uimhearhachta ár ndaltaí.

2. Achoimre ar thorthaí na féinmheastóireachta scoile

2.1 Tá láidreachtaí ag ár scoil sna réimsí seo a leanas:

Láidreachtaí

Tá caidreamh maith idir tuismitheoirí agus foireann na scoile.
Tá caidreamh maith idir scoláirí agus foireann na scoile.
Tá cleachtas maithe ó thaobh teagaisc agus foghlama i bhfeidhm trasna an churaclaim.
Tá an chuid is mó de scoláirí na scoile sásta sa scoil agus leis an teagasc agus an fhoghlaim atá acu anseo.
Tá tuisceant maith ag na múinteoirí agus meon dearfach acu i leith modhanna múinteoireachta atá éifeachtach agus i leith dea-chleachtas a chur chun cinn.
Tá áiseanna maithe teicneolaíochta ar fáil sa scoil agus tá na múinteoirí oilte agus ardchaighdeán acu leis an úsáid is éifeachtaí a bhaint as an teicneolaíocht.
Tá daltaí na scoile dearfach, gníomhach agus tá dúil acu deiseanna a ghlacadh chun an fhorbairt phearsanta, chognaíochta agus sóisialta a chur chun cinn.
Thóg 55% an scrúdú Ard Leibhéal Mata sa Teastas Sóisearach i 2015 agus bhí toradh A, B, C ag 75%.
Sa scrúdú Mata a rinne Bliain 1, fuair 72% acu ceart na ceisteanna a bhí ar uimhreacha aiceanta agus slánuimhreacha.

Tá sé seo ar eolas againn toisc go ndearnamar comhairliúchán le daltaí, le tuismitheoirí agus le múinteoirí agus gur scrúdaíomar torthaí trialacha agus eolas eile sa scoil.

2.2 Tá sé beartaithe ag ár scoil tús áite a thabhairt do na réimsí forbartha seo a leanas:

Réimsí forbartha

Stádas na matamaitice agus scileanna uimhearhachta na ndaltaí a láidriú le dearcadh níos dearfaí a chothú agus a fhorbairt.
Ardóimid an líon ama a chaitheann múinteoirí ábhair ar phleanáil agus ar mhúineadh na huimhearhachta ina n-ábhar féin.
Tacaíocht bhreise a chur ar fáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais foghlama acu agus dóibh siúd nach bhfuil ag gnóthú torthaí ag/os cionn an mheáin náisiúnta.
Forbairt ghairmiúil leanúnach a eagrú don fhoireann theagaisc ar mhodhanna múinteoireachta, ar scileanna foghlama agus uimhearhachta agus ar an bhfoghlaim